An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# An Dara Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha

# Dálaí maireachtála, eisiamh sóisialta agus folláine mheabhrach

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Le fiche bliain anuas, tá athrú mór tagtha ar an díospóireacht Eorpach maidir le dul chun cinn sóisialta agus maidir leis an gcaoi a dtomhaistear é. De réir a chéile, tá coincheap an eisiaimh shóisialta á chur in ionad choincheap na bochtaineachta laistigh de dhíospóireacht bheartais an AE maidir le leochaileacht agus míbhuntáiste sóisialta. Téann rochtain neamhfhabhrach ar an margadh saothair agus dálaí maireachtála neamhfhabhracha i bhfeidhm ar rannpháirteachas sóisialta agus ar theagmháil shóisialta araon, agus ar a uain, bíonn tionchar acu sin ar cháilíocht beatha shaoránaigh na hEorpa agus téann siad i bhfeidhm ar a mbraistint d'eisiamh sóisialta. Tugann an dara Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha (EQLS), a stiúir an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) in 2007, léargas fairsing ar na réaltachtaí sóisialta éagsúla sna 27 Ballstát den AE, san Iorua, agus sna tíortha arb iarrthóirí iad, an Chróit, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus an Tuirc.

Sa tuarascáil seo, féachtar ar na caidrimh idir dálaí maireachtála, eisiamh sóisialta agus folláine mheabhrach. Úsáidtear torthaí an EQLS chun scrúdú a dhéanamh ar na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar eisiamh sóisialta meabhairbhraite agus ar an tionchar a bhíonn aige ar fholláine mheabhrach. I measc na bhfachtóirí sin tá rochtain ar an margadh saothair, ioncam agus caighdeáin stíleanna maireachtála agus infhaighteacht tacaíochta sóisialta.

### Comhthéacs beartais

Mar thoradh ar mhéadú an AE go comhphobal 27 Ballstát, cuimsíodh roinnt tíortha ina bhfuil na caighdeáin mhaireachtála cuid mhaith níos ísle ná na caighdeáin mhaireachtála sna 15 Ballstát tosaigh (AE15). I gcuid mhaith den 12 Bhallstát nua (BSN12) agus sna trí thír arb iarrthóirí iad (TI3) tá na leibhéil dífhostaíochta níos airde, tá bochtaineacht forleathan agus tá an bonneagar leasa shóisialaigh go dona. Leagann na himthosca seo béim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt beartais AE sa réimse d'eisiamh sóisialta agus de bhochtaineacht.

Tá an lucht déanta beartais freagrach as athrú dearfach a chur chun cinn chun maolú a dhéanamh ar dhifríochtaí an-soiléir idir chaighdeáin mhaireachtála, difríochtaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de chomhtháthú san AE – go háirithe nuair is Ballstáit eile, níos saibhre na grúpaí tagartha ar féidir comparáid a dhéanamh leo. Mar sin, tá sé riachtanach Eoraip níos cuimsithí a fhorbairt chun spriocanna an AE maidir le fás leanúnach geilleagrach, poist bhreise agus níos fearr agus comhtháthú sóisialta méadaithe a bhaint amach.

### Príomhthátail

**Patrúin foriomlána d'eisiamh sóisialta**
Braitheann tromlach na saoránach Eorpach go mbíonn siad comhtháite go sóisialta, le 86% de na freagróirí ag fáil scóir dhearfacha ar na táscairí a bhaineann le comhtháthú sóisialta. Ar an taobh eile de, tuairiscíonn 14% de na freagróirí leibhéal éigin d'eisiamh sóisialta agus tuairiscíonn 2% díobh eisiamh láidir. Tá na leibhéil chuimsitheachta níos airde i mBallstáit an AE15 agus níos ísle i dtíortha an TI3 agus an BSN12. Go háirithe, tuairiscíonn saoránaigh na Bulgáire, na Cróite, Phoblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine agus na Rómáine na leibhéil eisiaimh is airde, agus tuairiscíonn saoránaigh na Danmhairge, na hIorua agus na Sualainne na leibhéil is ísle d'eisiamh sóisialta ar an meán.

**Tionchar na macraithimpeallachta**
Tá nasc láidir idir leibhéal meánach an eisiaimh shóisialta mheabhairbhraite i dtír agus olltáirgeacht intíre (OTI) na tíre sin. Mar sin féin, níl an caidreamh seo socair. I roinnt tíortha, go háirithe sna tíortha Lochlannacha, tá na leibhéil mheánacha d'eisiamh sóisialta níos ísle ná mar atá siad i dtíortha eile cosúil leis an Ostair, leis an mBeilg agus an leis an bhFrainc, cé go bhfuil an leibhéal céanna OTI *per capita* iontu. Ar an dóigh chéanna, taifeadtar leibhéil arda de chomhtháthú i roinnt de na Ballstáit níos boichte den AE, cosúil le Málta, leis an bPortaingéil agus leis an tSlóivéin, cé go bhfuil OTI níos ísle iontu. Tá baint ag ráta dífhostaíochta agus leibhéal bochtaineachta ioncaim i ngach tír le heisiamh sóisialta freisin, cé gurb é s amhlaidh ná go mbíonn roinnt tíortha níos rathúla maidir le comhtháthú sóisialta a chothabháil nuair atá leibhéil dífhostaíochta níos airde i gceist.

**Táscairí micrileibhéil d'eisiamh**
Tá leibhéil níos airde de dhíothacht stíl mhaireachtála agus de strus eacnamaíoch ina dtáscairí de dhuine a bhfuil eisiamh sóisialta ag dul i bhfeidhm air. Sna tíortha TI3 agus

BSN12, cuireann leibhéil díothachta níos airde go mór le leibhéal níos airde d'eisiamh sóisialta meabhairbhraite i gcomparáid leis an AE15. D'ainneoin sin, braitheann saoránaigh an AE15 leibhéil níos ísle d'eisiamh meabhair-bhraite ag an leibhéal céanna díothachta.

Sna tíortha éagsúla, tá sé níos dóchúla go bhfógródh daoine dífhostaithe leibhéil níos airde d'eisiamh i gcomparáid le gach grúpa stádais fostaíochta eile. Tá dífhostaíocht ina cúis le leibhéil chosúla d'eisiamh meabhairbhraite i dtíortha éagsúla, cé go bhféadfadh difríochtaí suntasacha idir dhálaí maireachtála a bheith i gceist. Tá claonadh ann go dtuairiscíonn daoine le gairmeacha níos airde agus le poist neamhláimhe leibhéil eisiaimh níos ísle.

**Feidhm na tacaíochta sóisialta**

Tá difríocht mhór idir chumas mheabhairbhraite shaoránaigh na hEorpa chun teacht ar thacaíocht airgeadais i dtíortha éagsúla. Cé go dtuairiscíonn beagnach 85% de na freagróirí go bhféadfaidís tacaíocht airgeadais a fháil dá mbeadh gá léi i gcás éigeandála, tá claonadh ann go bhfuil an coibhneas sin níos ísle sna tíortha TI3 agus BSN12 ná mar atá sé san AE15. Tá ról meabhairbhraite an teaghlaigh maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar an-éagsúil i dtíortha éagsúla freisin, le níos lú ná 60% ag lua an teaghlaigh mar an bpríomhfhoinse tacaíochta sna tíortha TI3 agus BSN12 i gcomparáid le 70% san AE15. Tá difríocht níos lú i dtíortha éagsúla agus i ngrúpaí éagsúla de thíortha maidir le hinfhaighteacht mheabhairbhraite na tacaíochta morálta. Is é an teaghlach foinse phríomhúil na tacaíochta seo, agus measann thart ar dhá thrian de na saoránaigh Eorpacha sna grúpaí de thíortha gurb é an teaghlach an phríomhfhoinse di. Tríd is tríd, ag an leibhéal céanna de dhíothacht stíl mhaireachtála, tá claonadh ag daoine a bhfuil rochtain acu ar thacaíocht airgeadais nó ar thacaíocht mhorálta go léireofar leibhéil níos ísle d'eisiamh sóisialta meabhairbhraite.

**Folláine mheabhrach**

Sna tíortha éagsúla, tá nasc idir leibhéil saibhris níos airde i bhfoirm OTI agus leibhéil níos airde d'fholláine mheabhrach. Sin cúis amháin, b'fhéidir, go dtuairiscíonn saoránaigh na dtíortha TI3 agus BSN12 leibhéil d'fholláine mheabhrach atá cuid shuntasach níos ísle, ar an meán, ná na leibhéil a thuairiscítear san AE15. D'ainneoin sin, bhí claonadh ag freagróirí san AE 15 leibhéil níos airde d'fholláine mheabhrach a chur in iúl ag leibhéal díothachta ar leith i gcomparáid leis an TI3 agus an BSN12.

Tá difríochtaí suntasacha le feiceáil idir na grúpaí de thíortha i dtaca le feidhm an eisiaimh shóisialta i ndáil le meabhairshláinte. Sa TI3, ní chuireann eisiamh sóisialta meabhairbhraite ach go teoranta le folláine mheabhrach níos measa, ach tá tionchar an eisiaimh mheabhairbhraite sin cúig huaire níos láidre sa BSN12 agus seacht n-uaire níos láidre san AE15. Is cosúil, sna tíortha uile, go bhfuil tionchar díreach na díothachta ar mheabhairshláinte i bhfad níos tábhachtaí ná an tionchar neamhdhíreach atá mar thoradh ar eisiamh sóisialta. Mar sin féin, tá an tionchar neamh-dhíreach níos ísle go coibhneasta sna tíortha TI3 atá níos boichte ná mar atá siad sa BSN12 nó san AE15.

## Leideanna beartais

- Nuair is indéanta, ba chóir táscairí oifigiúla d'eisiamh sóisialta a fhorlíonadh le bearta suibiachtúla d'eisiamh sóisialta meabhairbhraite, d'fhonn a dhearbhú cad iad na míbhuntáistí a théann i bhfeidhm ar cháilíocht beatha shaoránaigh na hEorpa agus cad iad na himthosca faoina n-athraíonn na hiarmhairtí sin.
- Trí leibhéil oideachais agus scileanna a mhéadú agus margadh saothair dinimiciúil, éagsúil a fhorbairt sa TI3 agus sa BSN12, chuirfí bonn ar fáil a chabhrófaí le héagothroimí idir dhálaí maireachtála sna tíortha AE atá ann agus a bheidh ann sa todhchaí a laghdú.
- Chun rochtain ar an margadh saothair a chinntiú don lucht atá in ann dul ag obair, chomh maith le caighdeán bunúsach maireachtála a ráthú don lucht nach bhfuil ar a chumas dul ag obair, ní mór forbairt bhreise a dhéanamh ar bhearta cosúil le cláir ghníomhacha mhargaidh saothair agus scéimeanna aistrithe ioncaim ar bhealach comhleanúnach, comhthairbhiúil.
- Tá ról ríthábhachtach ag tacaíocht shóisialta maidir le comhtháthú agus folláine mheabhrach a fheabhsú do chách agus d'fhonn folláine mheabhrach do dhaoine faoi dhálaí maireachtála dona a chosaint. Ba chóir go dtabharfaí tosaíocht d'idirghabhálacha beartais chun leibhéil de thacaíocht shóisialta a spreagadh nó a chothabháil i mbeartais AE agus náisiúnta.
- Ní mór do bheartas meabhairshláinte na foinsí níos leithne de strus síceolaíoch a bhaineann le dálaí maireachtála níos boichte a aithint agus chun díriú orthu go sonrach, toisc go méadaíonn siad leochaileacht daoine i ndáil le fadhbanna meabhairshláinte níos tromchúisí, agus a mbeidh iarmhairtí agus cóireálacha níos costasaí i gceist leo níos déanaí.
- Ba chóir do thíortha iarracht a dhéanamh foghlaim ó dhea-chleachtas, toisc go bhfuil roinnt tíortha, go háirithe na tíortha Lochlannacha, níos rathúla maidir le leibhéil chuimsitheachta níos airde a chur ar fáil ag leibhéil chosúla de shaibhreas comhiomláin agus ag na leibhéil ainmniúla chéanna de dhíothacht indibhidiúil agus de chaighdeáin mhaireachtála.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil EQLS *Living conditions, social exclusion and mental well-being* [Dálaí maireachtála, eisiamh sóisialta agus folláine mheabhrach] ar fáil ar líne ag: http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0988.htm.

Tá tuarascáil forbhreathnaithe an EQLS agus anailís thánaisteach bhreise ar shonraí an tsuirbhé ar fáil ar láithreán gréasáin Eurofound ag: http://www.eurofound.europa.eu/areas/qualityoflife/eqls/.

Teresa Renehan, Oifigeach idirchaidrimh faisnéise
ter@eurofound.europa.eu